



# Polasaí Iontrála

**Gaelcoil Osraí**  
**19856R**

# CONTENTS

Polasaí iontrála/ <i>admission policy</i> .....	4
<b>1. Réamhrá</b> .....	4
<i>Introduction</i> .....	4
<b>2. Spiorad saineúil agus cuspóirí ginearálta na scoile</b> .....	5
<i>Characteristic spirit and general objectives of the school</i> .....	5
<b>3. Ráiteas maidir le hIontráil</b> .....	7
<i>Admission Statement</i> .....	7
<b>4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta</b> .....	8
<i>Categories of Special Educational Needs catered for in the School/Special Class</i> .....	8
<b>5. Daltaí a Ligean Isteach i Ranganna Príomhshrutha</b> .....	9
<i>Admission of Students to Mainstream classes</i> .....	9
<b>6. Ró-Iarratas rang príomhshrutha naíonáin</b> .....	9
<i>Oversubscription of mainstream junior infant classes</i> .....	9
<b>7. Critéir incháilitheachta do rollú i rang speisialta don uathachas</b> .....	12
<i>Eligibility criteria for enrolment in Autism Class</i> .....	12
<b>8. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh</b> .....	14
<i>What will not be considered or taken into account</i> .....	14
<b>9. Cinní ar iarratais</b> .....	15
<i>Decisions on applications</i> .....	15
<b>10. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí</b> .....	15
<i>Notifying applicants of decisions</i> .....	16
<b>11. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir</b> .....	16
<i>Acceptance of an offer of a place by an applicant</i> .....	16
<b>12. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar</b> .....	17
<i>Circumstances in which offers may not be made or may be withdrawn</i> .....	17
<b>13. Sonraí a roinnt le scoileanna eile</b> .....	17
<i>Sharing of Data with other schools</i> .....	17
<b>14. Liosta feithimh i gcás ró-iarratais</b> .....	18
<i>Waiting list in the event of oversubscription</i> .....	18
<b>15. Iarratais Dhéanacha</b> .....	19
<i>Late Applications</i> .....	19
<b>16. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana</b> .....	19

<i>Procedures for admission of students to other years and during the school year</i> .....	19
<b>17. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh</b> .....	20
<i>Declaration in relation to the non-charging of fees</i> .....	20
<b>18. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach</b> .....	21
<i>Arrangements regarding students not attending religious instruction</i> .....	21
<b>19. An ceart chun athbreithnithe/achomhairc</b> .....	21
<i>Reviews/appeals</i> .....	21



## POLASAÍ IONTRÁLA/*ADMISSION POLICY*

### Gaelscoil Osraí

**Seoladh/*Address*: An Pháirc Mhór Theas, Bóthar Uachtar Rátha, Cill Chainnigh**

**Uimhir Rolla/*Roll Number*: 19856R**

**Patrún: An tEaspag Niall Mac Colla, Easpag Osraí.**

***Patron: Bishop Niall Coll, Bishop of Ossory.***

### 1. Réamhrá

#### *Introduction*

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Acht Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Gaelscoil Osraí leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hIontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

*This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the board of management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.*

*It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.*

*The relevant dates and timelines for Gaelscoil Osraí's admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.*

*This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.*

*The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it*

## **2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile**

### ***Characteristic spirit and general objectives of the school***

Bunscoil lán-Ghaeilge, chomhoideachais le héiteas Caitliceach í Gaelscoil Osraí. Is é Ard-Easpag Caitliceach Osraí patrún na scoile

*Gaelscoil Osraí is a Catholic, all-Irish medium co-educational primary school with a Catholic ethos. The Bishop of Ossory is the Patron of this school.*

'Is pobail oscailte fáiltiúil, ionchuimsitheacha iad scoileanna Caitliceach. Dá bharr san, is féidir le scoileanna Caitliceach glacadh le páistí le creidimh éagsúla nó slite maireachtála eile.

Tabharfaidh na múinteoirí fianacht do dhearcadh measa agus tuisceana do gach éinne, agus iad aireach féna ndualgais maidir le chreidiúintí, luachanna agus chleachtais an phobail Chaitliceach.'

*Catholic Preschool and Primary Religious Education Curriculum for Ireland, p.15.*

*Catholic schools are communities which are open, welcoming and inclusive. Therefore, Catholic schools may include children who adhere to other religions or other stances for living. While mindful of their duty to educate in the distinctive beliefs, values, and practices of the Catholic community, teachers will bear witness to an attitude of respect for and appreciation of all'. 'The Catholic Preschool & Primary Religious Education Curriculum p15'*

Ciallaíonn 'éiteas Caitliceach' eiteas agus spiorad sainiúil an Eaglais Chaitlicigh, a chuireann chun cinn

- Forbairt iomlán na ndaltaí- idir intileachtúil, mhothálach, fhisiciúil, spioradálta, aeistéitiúil agus shóisialta: agus
- Gaol beo le Dia agus le daoine eile: agus
- Oiliúint na ndaltaí sa chreideamh Caitliceach le h-ullmhúcháin dos na sacramintí (An Chéad Chomaoineach agus An Choineartú san áireamh)
- Cuirimid oideachas reiligiúnda ar fáil do na daltaí de réir dhúnghaoisí, chleachtais agus thraidisiúin na hEaglaise Caitlicí agus/nó de réir mar a leagann Comhdháil Easpag na hÉireann amach.

*Catholic Ethos' in the context of a Catholic primary school means the ethos and characteristic spirit of the Roman Catholic Church, which aims at promoting:*

- *the full and harmonious development of all aspects of the person of the pupil, including the intellectual, physical, cultural, moral and spiritual aspects; and*
- *a living relationship with God and with other people; and*
- *a philosophy of life inspired by belief in God and in the life, death and resurrection of Jesus; and the formation of the pupils in the Catholic faith,*
- *and which school provides religious education for the pupils in accordance with the doctrines, practices and traditions of the Roman Catholic Church, and/or such ethos and/or characteristic spirit as may be determined or interpreted from time to time by the Irish Episcopal Conference.*

De réir S.15 (2) (b) den Acht Oideachais 1998, seasfaidh Bord Bainistíochta na scoile le, agus beidh sé freagrach don bpatrún as, spiorad sainiúil na scoile de réir luachanna cultúrtha, oideachasúla, mórálta, reiligiúnda, sóisialta, teangúla agus spioradálta a threoraíonn cuspóirí agus reachtáil na scoile.

*In accordance with S.15 (2) (b) of the Education Act, 1998 the Board of Management of Gaelscoil Osraí shall uphold, and be accountable to the patron for so upholding, the characteristic spirit of the school as determined by the cultural, educational, moral, religious, social, linguistic and spiritual values and traditions which inform and are characteristic of the objectives and conduct of the school.*

Is é ár bpríomhaidhm in Gaelscoil Osraí ná sár-oideachas lán-Ghaelach a chur ar fáil dos na daltaí fénár gcúram. Tá sé d'aidhim againn go mbeadh tionchar dearfach ag saol na scoile ar shaol na bpáistí, faid is a bheidh siad ar scoil linn, agus go mbeadh cuimhní dearfacha acu ar shaol na scoile amach anseo.

*Our principal aim in Gaelscoil Osraí is to provide an excellent education for all of the pupils under our care. It is our objective that the life of the school would have a positive impact on the lives of our pupils for as long as they attend our school and that they would have positive memories of their school lives afterwards.*

'Sé an cuspóir atá againn ná ár ndícheall a dhéanamh dea thréithe an pháiste a fhorbairt, agus iad a spreagadh chun maitheas a fheiscint iontu siúd ina dteannta,

*The aim of the school is to develop the goodness in each child to our maximum ability and to encourage the child to always seek the good in all around them.*

Tá sé de chuspóir ag an scoil sár oideachas lán-Ghaelach a chur ar fáil do dhaltaí, grá don Ghaeilge agus don gcultúr náisiúnta a chothú, ó thaobh cluichí, ceoil agus traidisiúin de.

*Our school aims to provide an excellent education for all our students, through the medium of the Irish language and to foster a love of our national language and national culture in terms of our national games, music and traditions.*

### 3. Ráiteas maidir le hIontráil

#### *Admission Statement*

Ní dhéanfaidh Gaelscoil Osraí idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais sibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

*Gaelscoil Osraí will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:*

- *the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,*
- *the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned, or*
- *the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs.*

*As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000.*

Is scoil í Gaelscoil Osraí arb é an cuspóir atá aici oideachas a sholáthar i dtimpeallacht a chuireann luachanna reiligiúnacha áirithe chun cinn agus ní dhéanann sí idirdhealú i gcás nuair a dhiúltaíonn sí cead isteach do dhalta nach Caitliceach Rómhánach é/í agus cruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

*Gaelscoil Osraí is a school whose objective is to provide education in an environment which promotes certain religious values and does not discriminate where it refuses to admit as a student a person who is not Roman Catholic and it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.*

Comhoibreoidh Gaelscoil Osraí leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.

Comhlíonfaidh Gaelscoil Osraí le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an bpátrún nó ar an mbord, de réir mar is ábhartha, faoi alt 37A agus le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord faoi alt 67(4)(b) den Acht Oideachais.

*Gaelscoil Osraí will cooperate with the NCSE in the performance by the Council of its functions under the Education for Persons with Special Educational Needs Act 2004 in relation to the provision of education to children with special educational needs, including in particular by the provision and operation of a special class or classes when requested to do so by the Council.*

*Gaelscoil Osraí will comply with any direction served on the board or the patron under section 37A and 67(4)(b).*

#### **4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta**

##### ***Categories of Special Educational Needs catered for in the School/Special Class***

Deimhníodh go bhfuil Rang Uathachais, nasctha le Gaelscoil Osraí, ceadaithe don scoilbhliain 2025-2026, ag teacht le critéir na Roinne Oideachais. Tá an rang ceadaithe chun freastal ar pháistí le diagnóis de Uathachais, a shroicheann critéir diagnóiseach DSM IV / V nó ICD10, agus go bhfuil moladh de áit i rang uathachais ann. Feidhmníonn an rang seo trí mheán na Gaeilge, mar chuid d'éiteas teangeolaíochta na scoile.

D'fhéadfadh an scoil cead isteach a dhiúltú don rang sin, i gcás nach bhfuil an chatagóir shonraithe de riachtanais speisialta oideachais ag an dalta atá i gceist dá bhforáiltear sa rang sin.

*An Autism Class has been sanctioned for the school year 2025-2026 in line with Department of Education (DoE) criteria. The class is approved to provide for children with a diagnosis of autism, who meet the DSM IV / V or ICD10 diagnostic criteria, and have a recommendation for a place in an autism class. This class operates through the medium of Irish, as part of the school's ethos. The school may refuse admission to that class, where the student in question does not have the specified category of special educational needs provided for in that class.*

## 5. Daltaí a Ligean Isteach i Ranganna Príomhshrutha

### *Admission of Students to Mainstream classes*

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

- a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)
- b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin

*This school shall admit each student seeking admission except where*

- a) the school is oversubscribed (please see section 6 below for further details);
- b) a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student.

### **Gach scoil shainchreidmheach /All denominational schools**

Is scoil Chaitliceach í Gaelscoil Osraí agus féadfaidh sí diúltú glacadh le duine nach dalta de chreideamh Caitliceach é/í sa chás go gcruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a choinneáil.

*Gaelscoil Osraí is a Roman Catholic school and may refuse to admit as a student a person who is not of the Roman Catholic faith where it is proved that the refusal is essential to maintain the ethos of the school.*

## 6. Ró-Iarratas rang príomhshrutha naíonáin

### *Oversubscription of mainstream junior infant classes*

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

*In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria in the order listed below to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:*

## Critéir roghnúcháin/ *Selection Criteria*

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta uasmheid líon na bpáistí in aon rang ar leith, agus sa scoil ina iomláine, a leagadh síos. Is é uas mheid na ndaltaí a cheadófar sna Naíonáin Shóisearacha ná 26 i ngach rang.

I gcás ró-éilimh, is mar seo a dháilfear na háiteanna:

*The Board of Management may set down the number of pupils in any class and in the school in total. The maximum number of children in Junior Infants will be 26 in each class.*

*In case of excess demand, this is how places will be allocated*

### Naíonáin Shóisearacha/ *Junior Infants*

Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh 1<sup>ú</sup> Meán Fomhair don bhliain iarratais.

*Applicants for Junior Infants must not be less than 4 years of age before the 1<sup>st</sup> September for the year for which they are applying.*

1. Páistí a bheidh 4 bliana d'aois roimh 1<sup>ú</sup> Meán Fomhair don bhliain iarratais, **go bhfuil leibhéal líofachta acu atá ar leibhéal go mbeifeá ag súil leis da mbeadh an teanga á labhairt mar ghnáth mhodh cumarsáide i suíomh neamhoideachasúil, ag tógaint san áireamh aois agus aon riachtanais speisialta oideachais atá ag an bpáiste** agus go mbeadh an dóchúlacht go n-imeodh an líofacht luaite ar gcúl muna scaoilfí an páiste isteach i scoil Ghaeilge. Tabharfar tús áite do pháiste níos sine.

*Children who will be 4 years of age before 1<sup>st</sup> September in the year for which they are applying for a place who have attained **a level of fluency in the Irish language indicative of what would be expected of a student who uses the Irish language as a normal means of communication in a non-educational environment, taking into account the age and any special educational needs of the student concerned** and that the said fluency would be likely to regress were the student not admitted to an Irish language school. Priority in this category will be given to the oldest child.*

2. **Siblín le dalta ata ag freastal ar an scoil** a bheidh 4 bliana d'aois roimh 1<sup>ú</sup> Meán Fomhair don bhliain iarratais. Tabharfar tús áite do pháiste níos sine. **A sibling of a pupil who is attending the school** who will be 4 years of age before 1<sup>st</sup> September in the year for which they are applying for a place. Priority in this category will be based on the chronological age of children.

3. **Deartháireacha agus deirfiúracha na ndaltaí a bhí i nGaelscoil Osraí sa scoil** tráth a bheidh 4 bliana d'aois roimh 1<sup>ú</sup> Meán Fomhair don bhliain iarratais. Tabharfar tús áite do na páistí is sine).

*A brother or sister of a past pupil who attended the school and who will be 4 years of age before 1<sup>st</sup> September in the year for which they are applying for a place. Priority in this category will be given to the oldest child.*

**4. Páistí iarscoláirí (25% ar a mhéid). Tabharfar tús áite do na páistí is sine.**

*Children of past pupils (Maximum 25% of total places). Priority in this category will be given to the oldest child.*

**5. Iarrathóirí eile a fuarthas roimh an data deirneach d'iarratais de réir an Fhógra Bhliantúil maidir le ligean isteach, agus a bheidh 4 bliana d'aois roimh 1ú Meán Fomhair don bhliain iarratais. Tabharfar tús áite don bpáiste is sine.**

*Other applicants whose applications were received in the timeframe outlined in our Annual Admission Notice and who will be 4 years of age before 1<sup>st</sup> September in the year for which they are applying for a place. Priority in this category will be given to the oldest child.*

**6. Iarratais dhéanacha de réir an Fhógra Bhliantúil. Tabharfar tús áite san ord dáta na niarratas.**

*Applications received outside the timeframe outlined in our Annual Admission*

*Notice. Priority in the event of late applications will be given in order of date of receipt of the application.*

Nóta: Más mian le tuismitheoir/caomhnóirí go n-áireofaí a bpáiste mar pháiste a bhfuil leibhéal líofachta sroichte aige/aici sa Ghaeilge, tabharfar cuireadh don tuismitheoir fianaise a chur ar fáil chun an líofacht sin a léiriú do ionadaithe an Bhoird Bainistíochta. Déanfaidh an scoil an coinne sin a éascú, ionas gur féidir leis an bpáiste agus an tuismitheoir/caomhnóir, comhrá a bheith eatarthu trí Ghaeilge, i suíomh neamhfhoirmiúil. Muna nglactar leis an bhfianaise, cuirfear an páiste i gcatagóir eile mar is cuí.

*Note: Where parent(s)/guardian(s) wish their child to be considered under the 'level of fluency in the Irish language' provision above, that parent is invited to provide evidence to display the level of fluency in the Irish language of the student in respect of whom the application relates, which may include confirmation that the student concerned is available to attend an interview or meeting to demonstrate his/her level of fluency in the Irish language. The school will facilitate such a meeting on request, within available resources in accordance with the school's arrangements for such a meeting (i.e. in an informal setting that parents/guardians and child will be facilitated to display in conversation/comhrá that they can speak to each other through the medium of Irish.) In the event that the level of fluency is deemed insufficient, the applicant will be placed in one of either category 2,3 or 4 above, as appropriate, and assessed in accordance with this admissions policy.*

Sa chás go bhfuil beirt nó níos mó dalta cothrom ó thaobh aite nó áiteanna in aon cheann de na critéir roghnúcháin thuas (níos mó iarratais ná áiteanna ar fáil), beidh an socrú seo leanas i bhfeidhm:

**Bronnfar áiteanna ar na hiarrathóirí in ord na aoise, de réir an páiste is sine.**

*In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), the*

*following arrangements will apply:*

***Applicants will be assigned a place in on order of the oldest child.***

## **7. Critéir incháilitheachta do rollú i rang speisialta don uathachas**

### ***Eligibility criteria for enrolment in Autism Class***

I gcomhréir le Ciorclán 02/05 ón Roinn agus Treoirlínte CNOS do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna maidir le Ranganna Uathachais a Bhunú agus a Eagrú (2024), tá leanaí agus daoine óga incháilithe le rollú i rang uathachais nuair a sholáthraítear iad seo a leanas mar thacaíocht le hiarratas den chineál sin.

Tuairisc(f) gairmiúla ina léirítear:

- Diagnóis uathachais: DSM IV/V nó ICD 10/11 (síceolaí, síciatraí, tuairisc ildisciplíneach)  
AGUS
- Léiriú ar an tuiscint ar an gcastacht a bhaineann le leibhéal foriomlán riachtanas/riachtanais an linbh mar atá léirithe sna tuairiscí gairmiúla  
AGUS
- I bhfianaise na déine nó na castachta a bhaineann le riachtanais tacaíochta an linbh, moladh soiléir gairmiúil maidir leis an gcineál socrúcháin oideachas ab oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an linbh, chomh maith leis an mbunús atá leis sin.  
AGUS
- Litir ó CNOS ina ndeimhnítear go bhfuil aithne aige ar an leanbh agus go sealbhaíonn an leanbh an diagnóis agus an moladh is gá le haghaidh rollú i rang speisialta d'uathachas.

*In accordance with the Department's Circular Letter 02/05 and NCSE Guidelines for Setting Up and Organising Autism Classes for Boards of Management and Principals of Primary and Post-Primary Schools (2024), children and young people are eligible for enrolment in an autism class when the following is provided in support of such an application:*

*Professional report(s) outlining:*

- *Diagnosis of Autism: DSM IV/V or ICD 10/11 (psychologist, psychiatrist, multi-disciplinary report)*
- AND*
- *A demonstration of the understanding of complexity of the child's overall level of need/s evidenced in the professional reports*
- AND*
- *Given the severity or complexity of the child's support needs, a clear professional recommendation as to what educational placement type would be most appropriate to best meet the child's needs, along with the rationale for same*
- AND*
- *A letter from the NCSE confirming that the child is known to them and that the child has the required diagnosis and recommendation for a special class for autism.*

Glacfar le hiarratais do pháistí a bheidh 4 bliana d'aois, ar a laghad, roimh 1<sup>ú</sup> Meán Fomhair don bhliain iarratais.

*Applicants for Junior Infants must not be less than 4 years of age before the 1<sup>st</sup> September for the year for which they are applying.*

Tá sé de cheart ag Bord na scoile uaslíon na ndaltaí in aon rang ar leith a leagadh síos. Is é an t-uaslíon daltaí a cheadófar sna Naíonáin Shóisearacha ná 26 x 2. Áirítear san uimhir seo páistí a bhfuil spás acu sa rang speisialta ach atá sa ceangailte leis an rang príomhshrutha.

*The Board of Management has the right to set the maximum number of pupils in any given class down. The maximum number of pupils allowed is 26 x 2. Included in this number children who have a place in the special class but are in the attached to the mainstream class.*

Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an rang uathachais, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm, **san ord ina bhfuil siad thíos** maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil, mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

1. Daltaí atá i rang príomhshrutha na scoile
2. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile.
3. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge, agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl, mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.\*
4. Páistí a bhfuil deartháir, deirfiúr, leath-shiblín, siblín altramaigh nó uchtaithe acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin.
5. In ord aoise, an páiste is sine ar dtús.

\*Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.

\*\*Más rud é go bhfuil beirt no níos mó dalta ar chomhscór in aon cheann des na catagóir thuasluaite, déanfar crannchur de réir gach catagóir faoi stiúradh an Bhoird Bhainistíochta agus déanfar liosta feithimh ar na hiarrathóirí de réir gach catagóir mura n-éiríonn le dalta áit a fháil. Tabharfar uimhir do gach iarrathóir sna catagóir éagsúla don chrannchur. Cuirfear iarrathóirí ar an eolas faoin áit ar liosta feithimh sa chatagóir ina bhfuil an dalta.

*In the event that there is oversubscription for the autism class, the school will apply the following selected criteria in the order in which they are below in relation to the applications received within the timeline for receiving applications as set out in the school's admission notice when determining the applications for admission.*

1. Children who are current pupils of Gaelscoil Osraí.
2. Brothers, sisters, half-siblings, foster or adopted children of current students of the school.
3. Children that the school is satisfied that the student has achieved a level of fluency in Irish, and that that fluency would be likely to regress, if not admitted to an all-Irish school.\*
4. Children who have a brother, sister, half-sibling, foster or adopted sibling a of child who has already attended the school.
5. In order of age, oldest child first.

\*The full onus will be on parents/guardians to provide sufficient evidence to demonstrate a level of fluency in Irish to the board.

